

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI03

Téama

Gníomhaíocht ranga (GR). Úsáidfidh na daltaí na léarscáileanna a réitíodh sna gníomhaíochtaí 'Léarscáil taisce' agus 'X ar an spota' (CI01 agus CI02) le hiniúchadh a dhéanamh ar bhealaí lena dtimpeallacht a fheabhsú.

Cuspóirí

Anailís ar fhadhbanna áitiúla a spreagadh agus réitigh cruthaitheacha a fhorbairt. Smaointeoireacht chomhtháite a chur chun cinn maidir le saincheisteanna imshaoil agus saincheisteanna caighdeán saoil níos leithne.

Snáitheanna Curaclaim

OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht - Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht - Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS - Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna

Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag meas, ag clárú agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha.

Am

20-30 nóiméad cur i láthair; 40 nóiméad le haghaidh gach gníomhaíocht léarscáilíochta.

Nascadh le Scoileanna Glasa

Léarscáilíocht a úsáid mar uirlis le smaoineamh ar shaincheisteanna imshaoil i gclós na scoile agus sa cheantar áitiúil.

Réiteach a phleanáil

AG BAINN LEASA AS DO LÉARSCÁIL LE SMAOINEAMH AR FHEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

CAD A THEASTÓIDH UAI

- Léarscáileanna ó ghníomhaíochtaí 'Léarscáil taisce' agus 'X ar an spota'
- Bileog gníomhaíochta atá faoi iamh
- Páipéar agus pinn luaidhe

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

- 1 D'fhéadfadh grúpaí níos lú an gníomhaíocht seo a dhéanamh nó d'fhéadfadh an rang ar fad é a dhéanamh leis an múinteoir.
- 2 Tabhair cóip den tábla atá faoi iamh do gach dalta.
- 3 Féach ar an 'Léarscáil taisce' agus ar 'X ar an spota'. Cad iad na saincheisteanna a marcáladh?
- 4 Iarr ar na daltaí féachaint ar na léarscáileanna agus ar na saincheisteanna atá marcáilte acu agus líon isteach an tábla atá faoi iamh (tá sampla amháin tugtha).



CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI03

- 5 Spreag daltaí le smaoineamh ar na grúpaí difriúla agus na daoine aonair a bhféadfadh baint a bheith acu leis an gceist agus ina réiteach. D'fhéadfadh daltaí, foireann na scoile, múinteoirí, tuismitheoirí, an pobal áitiúil, gnóthaí áitiúla, an t-údarás áitiúil, lucht gluaisteán agus daoine eile a bheith ina measc.
- 6 Tarraing 'léarscáil mianta' deiridh de do thimpeallacht. Ag baint úsáide as an teimpléad den 'Léarscáil taisce' agus an léarscáil 'X ar an spota', iarr ar dhaltaí léarscáil a tharraingt dá dtimpeallacht mar ba mhaith leosan í a bheith, sa saol idéalach. D'fhéadfadh go mbeadh lánáí rothaíochta, áiteanna sábháilte le dul trasna an bhóthair, tearmainn dúlra, boscaí bruscair, boscaí múiríní, lárionaid athchúrsáilte agus sciobóil do rothair ar an léarscáil sin.
- 7 Iarr ar dhaltaí seasamh suas as a stuaim féin agus labhairt faoi na léarscáileanna mianta.
- 8 Pléigh gníomh amháin a bhféadfadh na daltaí tabhairt faoi mar rang lena dtimpeallacht a fheabhsú. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thionscadal ag an rang.

Ceisteanna

- 1 I gcás saincheiste ar bith, an mbíonn an fhreagracht ar aon duine amháin? Cá mhéad de na fadhbanna gur féidir leis an scoil í féin a réiteach (le daltaí, múinteoirí nó an fhoireann)? Nó díreach an pobal áitiúil féin? Cá mhéad acu ina mbíonn gá le gníomh ón údarás áitiúil nó ó rialtas na tíre? Cé acu de na fadhbanna a chosnódh airgead le réiteach agus cé acu nach gcosnódh airgead?

Ar aghaidh leat

- 1 Déan taispeántas den tionscadal léarscáilíochta. D'fhéadfadh oíche oscailte a bheith agat, agus cuireadh a thabhairt do bhaill na comhairle áitiúil, do mhuintir an phobail, do chairde agus do thuismitheoirí. D'fhéadfadh na daltaí a bhfís a mhíniú, díreach mar atá sí ar a gcuid léarscáileanna, maidir lena dtimpeallacht amach anseo. D'fhéadfaidís tacaíocht a lorg dá dtionscadal feabhsúcháin.

CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI03

BILEOG SUIRBHÉIREACHTA AR FHEABHSÚCHÁN ÁITIÚIL

Environmental issue	Cé air a bhfuil an fhreagracht?	d'fhéadfaimis oibriú le chéile leis an tsaincheist a fheabhsú?
Sampla: Bruscar i gclós na scoile agus timpeall thalamh na scoile	Daltaí, múinteoirí, foireann na scoile, tuismitheoirí, muintir an phobail, cuairteoirí chuig an áit	<ul style="list-style-type: none"> → Tús a chur le feachtas saor ó bhruscar agus grúpa a eagrú le hinsint do ranganna eile faoi → Póstaer a dhéanamh le feachtas a ardú → Bheith ag faire ar bhruscar sa chlós ag am lóin → Tuilleadh boscaí bruscair a iarraidh don cheantar ar an údarás áitiúil <p>Smaointe eile</p> <ul style="list-style-type: none"> → →